


Straitéis Chorparáideach 2017-2019



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

An Clár Ábhar

1. Réamhrá	1
Teachtaireacht ón gCathaoirleach	1
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	2
Ár Struchtúr Eagraíochtúil	6
2. Ár gCuspóir, Ár Spriocanna agus Ár gCultúr	7
Luach fadtéarmach a chur ar fáil don Stát	10
Coinneoidimid agus Feabhsóimid ár gClú maidir le Luach a chur ar fáil don Stát	12
Forbróimid ár gCumais mar Eagraíocht Inoiriúnaitheach	14
Cuirfimid ar Chumas ár nDaoine Lán a gCumais a bhaint amach – go hAonarach agus Le Chéile	16
3. Riosca a Bhainistiú	18
4. Ár bPróiseas Pleanála Bliantúil	19
Spriocanna Gnó agus Bearta Feidhmíochta 2017–2019	20
5. Cén Chuma atá ar an Rath	22
2016 – Athbhreithniú na Bliana	23

1

RÉAMHRÁ

Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Le blianta beaga anuas tá an GBCN ag obair le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais éagsúla mar chuid d'fhreagairt na hÉireann ar an ngéarchéim eacnamaíochta. Tá toradh na hoibre seo le feiceáil go soiléir agus sinn ag obair i dtreo téarnaimh inbhuanaithe. Ní mór don GBCN a bheith réidh do na dúshláin agus na deiseanna nua atá tagtha chun cinn de bharr an téarnaimh sin.



Bíodh is go bhfuil athruithe tagtha ar na sainorduithe faoina n-oibríonn an GBCN ó bunaíodh é, tá ár gcuspóir mar an gcéanna- sócmhainní poiblí agus dlíteanais phoiblí a bhainistiú go stuama ar bhonn tráchtála. Teastaíonn riar ábaltachtaí eagraíochtúla ar leith, ar forbraíodh iad thar am, ón gcumasc uathúil seo idir dhea-chleachtais na hearnála príobháidí agus shainchúram na hearnála poiblí.

Príomhfhreagracht de chuid Bhord GBCN'is ea a chinntiú go gcuirtear treoir agus treo soiléir straitéiseach ar fáil don eagraíocht lena cuspóir a bhaint amach. Aithníonn Bord GBCN freisin an riar ábaltachtaí eagraíochtúla a chuir le seachadadh rathúil a shainorduithe. Ceapadh an straitéis seo le cinntiú go dtugtar treoir shoiléir agus go bhfanann na hábaltachtaí eagraíochtúla sin i bhfeidhm.

Is dual don Straitéis féachaint chun tosaigh. Caithfimid aghaidh a thabhairt ní hamháin ar fhreagrachtaí an lae inniu, ach caithfimid ullmhú do na dúshláin atá romhainn freisin. Bíonn ár dtimpeallacht sheachtrach ag athrú de shíor, agus bíonn níos mó brú á chur ar acmhainní teoranta. Gné dár n-aistear mar eagraíocht ab ea ár solúbthacht. Táimid tar éis dúshláin ó shainorduithe nua, mar atá leagtha amach ag an

Rialtas, a shásamh go leanúnach, a fhad is a bhíomar ag freagairt d'fhórsaí an mhargaidh sheachtraigh freisin. Is sa chomhthéacs sin ba mhaith linn cloí lenár gcumas mar eagraíocht sholúbtha.

Leagtar amach sa straitéis seo bealach chun cinn don GBCN, agus é bunaithe ar an taithí agus ar an eolas ó bhun na heagraíochta i 1990. Níl amhras ar bith orm ach go leanfaidh an Príomhfheidhmeannach, an fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin agus an fhoireann féin ar aghaidh ag cinntiú go gcuireann an GBCN na sainorduithe a thugann an Rialtas dó i gcrích ag na caighdeáin is airde. Níl aon amhras orm ach an oiread ach gur féidir linn creat buan a thógáil ar féidir léi dúshláin ar bith sa toadhchá a sheasamh.

Ar deireadh, táim féin agus mo chomhchomhaltaí Boird ag súil le bheith ag oibriú le foireann GBCN chun tacú leis an eagraíocht agus í a réiteach le leanúint uirthi ag cur na sainorduithe i gcrích.

Willie Walsh
Cathaoirleach

¹ Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014 tá seisear comhaltaí sa Ghníomhaireacht agus iad ainmnithe ag an Aire Airgeadais, Príomhfheidhmeannach GBCN, Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais agus Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Tugtar Bord GBCN ar an nGníomhaireacht chun críche na gcuspóirí i Straitéis Chorpóraideach GBCN 2017-2019.



Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Bunaíodh an GBCN i Nollaig 1990 le hairgead a fháil ar iasacht ar son an Rialtais agus leis an bhFiachas Náisiúnta a bhainistiú. D'fhéadfaí a rá inniu gurb é an cuspóir bunaidh aonarach sin an t-aon rud seasmhach atá san eagraíocht, eagraíocht a bhfuil an cumas atá inti tabhairt faoi dhúshlán nua ar son an Stáit léirithe aici go seasta.

Dá bhrí sin, bainistíonn an GBCN cineálacha sainorduithe coimpléascacha a chuimsíonn maoiniú, infheistíocht, airgeadas corparáideach agus bainistíocht riosca agus éileamh.

Is ionann an tOllfhiachas Náisiúnta inniu, arna bhainistiú ag an Aonad um Mhaoiniú agus Bainistiú Fiach, agus €206.4 billiún.² Tá aon trian den €8.1 billiún³ atá ag Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn tiomnaithe thar earnálacha agus réigiúin uile gheilleagar na hÉireann. Tá bonneagar poiblí á sholáthar ag an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta faoi láthair don oideachas, sláinte, ceartas agus tithíocht, a bhfuil €1bn de luach caipitil iomlán measta acu. Thug RÉnua seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála don Rialtas maidir le díolachán scairshealbh Stáit in Aer Lingus agus díolachán €1.1 billiún Bord Gáis Energy.

Taobh amuigh de na margaí caipitil, bainistíonn an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) éilimh ar son 145 údarás stáit a bhfuil dlíteanas os cionn €2.2 billiún gan íoc measta acu. In 2014 chuir an GÉS Córas Náisiúnta um Bainistiú Teagmhas nua i bhfeidhm, agus tá níos mó ná 1 milliún teagmhas tuairiscithe. Aithnítear go bhfuil an CNBT ar thús cadhnaíochta sa domhan, tar éis dó an duais iomráiteach idirnáisiúnta "*Ardchaighdeán sa Nuálaíocht*" a bhaint ó Marsh, ceannaire domhanda sa bhróicéireacht árachais agus sa bhainistíocht riosca.

Bíodh is go léiríonn na figiúirí seo níos mó faoi scála na hoibre atá ar siúl ag an GBCN ná faoi chomh casta léi, mar sin féin, is léiriú cumhachtach iad ar an méid muiníne a bhí ag rialtas i ndiaidh rialtais as an GBCN, roimh an ngéarchéim airgeadais agus lena linn.

Le linn na géarchéime, b'éigean don GBCN córais thacaíochta a chur ar fáil don fhoireann agus don ghnólacht, agus seirbhísí riachtanacha chun an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní a bhunú mar aonán neamhspleách tráchtála lena bord féin. Bhunaigh an GBCN Aonad Baincéireachta freisin, atá ar iasacht anois leis an Roinn Airgeadais, agus le déanaí, d'oibrigh sí go dlúth leis an Roinn chun Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann a chur ar bun le €800 milliún de mhaoiniú chun tacú le FBManna Éireannacha faoi bhliain amháin.

² Amhail an 31 Bealtaine 2017

³ Amhail an 31 Márta 2017

Faigheann aonaid ghnó GBCN tacaíocht ó na n-inneall feidhmiúcháin - na feidhmeanna corparáideacha a thugann seirbhísí ar fud na réimsí seo a leanas: Airgeadas, Oibríochtaí, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Riosca, AD, Gnóthaí Dlí agus Comhlíontacht - agus bhí baint mhór ag a scileanna, a n-ábaltachtaí agus a gcumais éagsúla chun cuidiú leis an GBCN clú a bhaint amach mar eagraíocht a dhéanann beart de réir a briathair.

Is cumasc í an GBCN idir stair agus oidhreacht luath na heagraíochta agus an tionchar is déanaí a bhí ag an ngéarchéim eacnamaíochta uirthi. Is mór an creidiúint é do gach duine a bhí ag obair anseo le linn na mblianta crua sin go raibh an GBCN ag feidhmiú ag an gcaighdeán is airde ar son an Stáit, agus go raibh meas aige ar an muinín a thug ar lucht déanta beartas sainordú a thabhairt don eagraíocht le réimse leathan tascanna thar na mblianta.

Is cúis bhróid é don GBCN go bhfuil aithne uirthi toisc é a bheith feiliúnach, solúbtha agus dírithe ar na torthaí, agus tá sí tiomanta cloí leis na tréithe agus na cumais a bhain an clú sin amach di. Mar sin féin, ní mór d'eagraíocht ar bith a d'eascair as tréimhse fhíordhúshlánach dá leithéid stopadh agus machnamh a dhéanamh - is amhlaidh atá an scéal dúinne. Thug sé sin orainn machnamh a dhéanamh, agus féachaint go féinchríticiúil orainn féin, nuair atá straitéis inbhuanaithe agus chultúrtha á leagan amach againn don toadhcháil..

Ba í an chéad chéim leis an gcreat inbhuanaithe a thógáil ná simpliú a dhéanamh ar struchtúr eagraíochtúla GBCN agus Bord nua a cheapadh i Nollaig 2014 a rialaíonn maoiniú, infheistíocht, airgeadas tionscadail, airgeadas corparáideach agus freagrachtaí éilimh agus bainistíochta riosca GBCN.

Tá an chéad chéim eile tógtha ag Bord GBCN anois agus foirmiú na straitéise corparáidí curtha le chéile agus an Bord tiomanta ceithre aidhm straitéiseacha a eagrú maidir leis na sainorduithe sin. I mbeagán focal, baineann na spriocanna seo le luach fadtéarmach a bhaint amach don Stát trí bheith oiriúnaitheach agus cumhacht ár ndaoine agus ár gclú a threisiú. Ní féidir sprioc ar bith a thuiscint gan na spriocanna eile a chur san áireamh. Gach rud san áireamh, beidh tionchar ag na spriocanna sin ar gach rud a dhéanaimid, ó ghníomhaíochtaí laethúla go pleanáil ghnó bhliantúil.

Is iad na rudaí is tábhachtaí le haghaidh rath GBCN - agus is amhlaidh a bheidh feasta - ná a chuid daoine agus a chultúr. Creidimid in eagraíocht ina bhfaigheann soláthar de réir cuspóirí tacaíocht ó chultúr féincheannaireachta, comhoibrithe agus foghlama.

A bhúil leis an múnla gnó sin, tá GBCN in ann dul san iomaíocht leis an earnáil phríobháideach chun baill foirne ag a bhfuil sainscileanna agus scileanna a bhfuil an-tóir orthu a mhealladh agus a choinneáil. Le linn na géarchéime airgeadais, mar an gcéanna le cuideachtaí eile san earnáil phoiblí, cuireadh forálacha reachtaíocht na mBeart Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) i bhfeidhm ar GBCN.


Lenár sainorduithe a chur i bhfeidhm de réir na gcaighdeán a bhfuil an Stát ag súil leo, agus de réir na gcaighdeán a theastaíonn ón Stát, ní mór don GBCN a bheith in ann an cumas agus an saineolas is fearr dá bhfuil sa mhargadh a mhealladh agus a fhorbairt. Teastóidh níos mó ná cúiteamh ó fhostaithe an lae inniu le bheith tiomanta do fhostóir agus caidreamh a bhunú leis. An dúshlán atá roimh GBCN ná an cineál tallainne agus saineolais a bhí aici san am atá caite a mhealladh agus timpeallacht foghlama spreagúil a chruthú a ligean do dhaoine lán a gcumais a bhaint amach ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann.

Tá an bhainistíocht shinsearach sa GBCN tiomanta é seo a chur i gcrích ar bhealach inbhuanaithe le gur féidir leis an GBCN leanúint air ag soláthar luach fadtéarmach don Stát.



Conor O'Kelly
Príomhfheidhmeannach

Ár dTuras



Cad a Dhéanaimid

An Fiachas Náisiúnta a Bhainistiú

Ó bunaíodh é, tá airgead faighte ar iasacht ag GBCN ar son an Rialtais agus tá an Fiachas Náisiúnta bainistithe aige.

Comhairle Airgeadais & Bonneagar agus Seachadadh Tionscnamh

Agus é ag feidhmiú mar an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, cuireann GBCN comhairle airgeadais, soláthar agus seirbhísí seachadta tionscnamh ar fáil d'údaráis Stáit maidir le tionscadail bhonneagair poiblí.

Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

Tá sainordú ag an gCiste (ar fiú €8.1 billiún é ag deireadh Mhárta 2017) infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtála chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn.

Téann GBCN isteach arís sna margáí fiachais gearrthéarmacha le ceantanna rialta ar Bhillí Stáitchiste agus eisíonn sé a chéad bhannaí fadtéarmacha ó Mheán Fómhair 2010.

Eisíonn GBCN an chéad bhanna 30 bliain in Éirinn. Déanann GBCN aisíocaíochtaí luatha ar fiú os cionn €18 billiún iad. Is é sin an chuid is daoire d'áis iasachta IMF na hÉireann, a chothaíonn coigiltis úis os cionn €1.5 billiún.

2012

2011

Agus Éire fós glasáilte amach as na margáí bannaí, cuireann GBCN clár caidrimh infheisteoirí ar bun dhá uair sa bhliain a chlúdaíonn an Eoraip, Meiriceá Thuaidh agus an Áis.

Leathnaíonn an Rialtas sainchúram GBCN uair amháin eile agus bunaíonn RÉnua taobh istigh den GBCN chun comhairle airgeadais agus tráchtála a chur ar fáil don Rialtas maidir le roinnt mórchomhlachtaí tráchtála Stáit.

Tá clár athchaipitlithe an Bhainc críochnaithe cuid mhaith. Tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht leis an Roinn Oideachais.

2013

Éiríonn le hÉirinn teacht amach as clár AE/CAI. Ag deireadh 2013 ligeann iarmhéideanna airgid €18.5 billiún GBCN d'Éirinn briseadh glan a dhéanamh gan gá le líne chreidmheasa réamhchúraim.

Cuireann GAFN tús le soláthar Chlár nua CPP maidir le Bonneagar an Rialtais a Spreagadh.

2014

Filleann GBCN ar na margáí bannaí go hiomlán trí cheantanna bannaí rialta a atosú den chéad uair ó 2010.

Méadaíonn an Rialtas líon na gcomhlachtaí poiblí faoi shainchúram na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát faoi dhó.

Tagann Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn in áit an CNP le bonn tráchtála chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn.

2015

2016

Eisíonn GBCN an chéad bhanna 100 bliain in Éirinn ar son €100 milliún a aibíonn i 2116.

Éilimh agus Bainistíocht Riosca

Ag gníomhú di mar an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, déanann GBCN bainistíocht ar éilimh i gcoinne 145 n-údarás Stáit, lena n-áirítear an Stát féin.

Comhairle Airgeadais & Tráchtála Comhairle don Rialtas maidir le Mórchomhlachtaí Tráchtála Stáit


Cuireann aonad nua RÉnua GBCN comhairle airgeadais agus tráchtála ar fáil don Rialtas maidir le mórchomhlachtaí tráchtála Stáit ar nós ESB agus Ervia.

Tugann GBCN seirbhísí agus córais foirne agus tacaíochta gnó don **Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní agus do Chorpáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann**. Tá a mbord féin ag an dá cheann. Tá roinnt ball foirne ar iasacht freisin leis an Roinn Airgeadais tar éis aisghairm tharmhligean fheidhmeanna córais bhaincéireachta an Aire Airgeadais chuig GBCN ó mhí Lúnasa 2011.

Ár Struchtúr Eagraíochtúil

Is comhlacht reachtúil í GBCN a bunaíodh faoi Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Freagraíonn an Bord don Aire Airgeadais agus tá freagracht uileghabhálach aige as sainorduithe uile GBCN, mar atá leagtha amach ag an Rialtas. Bhunaigh Bord an GBCN ceithre choiste: Coistí Infheistíochta, Iniúchta agus Riosca, Luacha Saothair agus Straitéise an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

Cuireann GBCN a sainorduithe i gcrích tríd an aonad um Maoiniú agus Bainistiú Fiach, Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, RÉnua agus an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Tacaíonn na Feidhmeanna Corparáideacha - Airgeadais, Teicneolaíocht agus Feidhmiúcháin, Riosca, Díl agus Comhlíonadh agus Acmhainní Daonna.



2

Ár gCuspóir, Ár Spriocanna & Ár gCultúr

Ár gCuspóir

Sócmhainní Poiblí agus Dliteanais Phoiblí a Bhainistiú go Stuama ar Bhonn Tráchtála

Bainimid ár gcuspóir amach trí réimse seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas a sholáthar do Ranna agus do Ghníomhaireachtaí Rialtais éagsúla.

Cuirimid luach ar fáil don Stát inniu trí dhíriú ar ár scileanna, ár n-acmhainní agus ár n-iarrachtaí maidir lenár sainorduithe a chomhlíonadh mar atá sannta faoi láthair ag an Rialtas. Ní mór é seo bheith mar phríomhfhócas againn, agus is amhlaidh a bheidh feasta.

Cuirfimid luach ar fáil don Stát freisin trína chinntiú go bhfuil na cumais chearta againn chun freagairt do dhúshlán amach anseo de réir mar a thagann siad chun cinn. Bíonn ár dtimpeallacht sheachtrach ag athrú de shíor, agus ní féidir í a thuar go cruinn ná smacht a chur uirthi go hiomlán. Is féidir linn freagairt go tapa agus go cinntitheach má bhímid inoiriúnaitheach agus má thuigimid go bhfuil an t-athrú dosheachanta.

Ár Spriocanna

Leagadh ár gceithre sprioc straitéiseacha amach agus súil á coinneáil ar riachtanais an lae inniu agus ar dhúshláin an lae amárach.

Cuid lárnach den straitéis seo ná torthaí a bhaint amach inniu a fhad agus atáthar ag cothú feidhmíochta gnó inbhuanaithe don todhchaí.

Níl na ceithre sprioc comheisiach. Is é bua ár straitéise ná an nasc cúise agus éifeachta idir gach sprioc. Is é sprioc fhadtéarmach GBCN luach fadtéarmach a chur ar fáil don Stát. Cuirfidh na trí sprioc eile - clú, ábaltachtaí inoiriúnaitheacha agus daoine- ar ár gcumas luach fadtéarmach a sholáthar a fhad agus atáthar ag cothú feidhmíochta gnó inbhuanaithe.

Beidh na spriocanna seo mar bhonn eolais faoinár n-aonán gnó agus ár socrú cuspóirí maidir le feidhm chorparáideach mar chuid dár bPróiseas Pleanála Bliantúil. Cuirfidh na spriocanna fócas agus fuinneamh ar fáil freisin le GBCN a thabhairt chun cinn feasta.



Ár gCultúr

Tá daoine mar bhonn leis an gcaoi a chuirimid ár seirbhísí agus ár saineolas ar fáil.

Bíodh is go leagaimid spriocanna amach, go bhforbraímid tionscnaimh agus go dtomhaisimid feidhmíocht, is trínár ngníomhaíochtaí agus ár n-iompraíochtaí laethúla a bhainfear torthaí amach.

Tá sé tábhachtach an cultúr ceart a chur i bhfeidhm d'fhonn cur ar chumas ár ndaoine lán a gcumais a bhaint amach agus ár spriocanna straitéiseacha a chur i gcrích. Beidh ár gcultúr corparáideach bunaithe ar:



Féincheannaireacht

I faoi feabhsú eagraíochtúil tríd feabhas pearsanta agus cumasú ar leith atá féincheannaireacht. Tugann cultúr féincheannaireachta cumhacht do dhaoine, cuireann sé deireadh le maorlathas nach bhfuil gá leis agus ligeann sé dóibh siúd is fearr san eagraíocht chun na cinntí cuí a dhéanamh. Saintréithe de chuid féincheannairí ná tiomantas don neamhspleáchas, féinspreagadh agus an cumas glacadh le haiseolas cuiditheach agus gníomhú dá réir. Toradh ar chultúr féincheannaireachta ar fud GBCN is ea feabhas ar tháirgeacht, cinnteoireacht níos tapúla agus spreagadh níos mó don eagraíocht.



Comhoibriú

Is próiseas é comhoibriú ina oibríonn dhá dhuine, fhoireann no aonad ghnó nó níos mó le chéile le comhchuspóir a bhaint amach. Is féidir torthaí níos fearr a bhaint amach ach a bheith ag obair le chéile thar theorainneacha eagraíochtúla. Is cuma cén t-aonán gnó nó cén fheidhm chorparáideach ina n-oibrímid, oibreimid i dtreo na sprice comónta luach fadtéarmach a chur ar fáil don Stát. Ciallaíonn comhoibriú go bhfuil meas ar chúnamh gach duine, agus cothaítear tuairimí difriúla, saineolas éagsúil agus smaointeoireacht chriticiúil.



Foghlaim

Tá córais agus próisis mar bhonn agus mar thaca ag cultúr atá bunaithe ar an bhfoghlaim. Éascaíonn siad seo comhrá, ceadaíonn siad scaipeadh eolais agus tugann siad rochtain ar chláir foghlama struchtúrtha agus forbartha. Ní mór timpeallacht fhoghlama a thacú le bainisteoirí a bhfuil baint acu agus a phléann le forbairt ghairmiúil bhaill na foirne.



Luach fadtéarmach a chur ar fáil don Stát

Cuirfimid luach fadtéarmach ar fáil don Stát trí thacú le forbairt eacnamaíochta trí:

- Maoiniú a thabhairt don Stát ag ráta inbhuanaithe;
- Infheistíocht d'fháltas tráchtála chomh maith le tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíochta;
- Tacú le príomhbhonneagar poiblí a sheachadadh;
- Díobháil phearsanta agus dliteanais maidir le damáiste do réadmhaoin an Stáit i láthair na huaire agus san am atá caite a bhainistiú; agus
- Comhairle Airgeadais agus Thráchtála a chur ar fáil don Rialtas.

Mar gheall ar na sainorduithe atá againn tá gá le fócas fadtéarmach inár ngníomhaíochtaí go léir. Is í an tsaintréith seo atá mar bhonn eolais lenár bpleanáil ghnó agus chinnteoireachta. Ní mór dúinn a chinntiú freisin go gcuirtear creat bainistíochta riosca iomchuí i bhfeidhm. Léiríonn na spriocanna gnó agus na bearta feidhmíochta sonracha atá leagtha amach i bpróiseas pleanála bliantúil GBCN na riachtanais sin, le cinntiú go soláthraímid luach fadtéarmach don Stát.

Seo a leanas achoimre de ghníomhaíochtaí aonad gnó GBCN thar na chéad trí bliana eile:

An tAonad um Maoiniú agus Bainistiú Fiach

Leanfaidh Aonad um Maoiniú agus Bainistiú Fiach GBCN ar aghaidh ag eisiúint fiachais fad- agus ghearrthéarmaigh ar bhonn rialta agus inbhuanaithe le súil ar leith ar mheon infheisteoirí agus leachtacht an mhargaidh. Is é an sprioc dóthain maoinithe a bhailiú le leachtacht don Stát a chinntiú agus ag ráta a chuireann le hinbhuanaitheacht fiachais. Forbróidh GBCN a thairiscintí Fiachais Miondíola le cinntiú go gcoinníonn sé leibhéal iomchuí de mhaoiniú éagsúlaithe don Stát ón mbonn custaiméirí tábhachtach seo.

Cuirtear Plean Maoinithe i bhfeidhm roimh gach bliain le spriocanna agus táscairí feidhmíochta gaolmhara. Déanfar athchoigeartú orthu seo ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs forbairtí i margaí flaithiúnais fiachais agus riachtanais maoinithe an Stáit.

Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

Tá sé de dhualgas ar an GBCN, mar bhainisteoir ar Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ), straitéis infheistíochta don Chiste a chinntiú, a chur i bhfeidhm, faireachán a dhéanamh uirthi agus í a choimeád faoi athbhreithniú. Is é sainordú infheistíochta CISÉ sócmhainní €8.1 billiún⁴ an Chiste a infheistiú ar bhonn tráchtála agus ar bhealach a cheapfar chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát. Beidh fócas fadtéarmach ag teastáil agus díreoidh sé formhór chaipiteal an CISÉ i dtreo infheistíochta a chuireann le cumas táirgiúil an gheilleagair agus na hearnála frontair.

Tá punann rollach cúig bliana de bhrabús 4% leagtha amach mar sprioc, chomh maith le príomhmhéadracht tionchair eacnamaíoch a dhéanfar a thomhas agus a thuairisciú.

An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Cuireann GBCN, ag feidhmiú mar an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, comhairle airgeadais ar fáil d'údarais Stáit maidir leis na tionscadail chaipitil poiblí uile os cionn €20 milliún.

Chomh maith lena sainordú comhairleach airgeadais, tá an GAFN freagrach freisin as gach tionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) a sholáthar agus a sheachadadh in earnálacha seachas earnáil an iompair agus earnáil na n-údarás áitiúil.

Tar éis fhógairt Phlean Caipitil 2016 - 2021, tá an tsraith tionscadal á cur chun cinn ag an GAFN faoin gclár seo

agus clár 2012 a chuaigh roimhe. Thar na chéad trí bliana eile, leanfaidh sé air ag cur comhairle airgeadais ar fáil do líon fairsing Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais agus ag cur margadh CPP na hÉireann chun cinn mar thaca le beartas agus cuspoirí straitéiseacha an Rialtais maidir le bonneagar.

RÉnua

Cuireann an GBCN ionad saineolas airgeadais chorparáidigh ar leith ar fáil don Rialtas trí RÉnua. Glacann sé le cur chuige trádála maidir leis an forbhreathnú ar chomhlachtaí tráchtála stáit áirithe⁵ ('CTSanna'). Thar na chéad trí bliana eile, cuirfidh RÉnua comhairle airgeadais agus tráchtála ar fáil maidir le réimse ábhar airgeadais, lena n-áirítear feidhmíocht na CTSanna faoina shainchúram. Ina theannta sin, forbróidh RÉnua, i gcomhairle leis an Aire ábhartha, tograí le haghaidh infheistíochta in earnálacha an fhuinnimh, an uisce, na teileachumarsáide agus na foraoiseachta chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht.

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát


Ainmnítear GBCN ina Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) nuair atá a feidhmeanna bainistíochta éileamh agus bainistíochta riosca á gcomhlíonadh. Thar na chéad trí bliana eile, cinnteoidh an GÉS go gcoinnítear dliteanais an Stáit maidir le faillí chliniciúil, éilimh dhíobhála pearsanta agus dhamáiste réadmhaoine, agus costais GÉS i ndáil lena mbainistíocht, ag an leibhéal is ísle agus is féidir. Agus í ag feidhmiú ar son leas na tíre, caithfidh an GÉS go cothrom agus go heiticiúil ina gnóthaí le daoine a d'fhulaing gortuithe agus a ghlacann caingean dlí in aghaidh an Stáit nó comhlachtaí Stáit, agus teaghligh na ndaoine seo.

Ina theannta sin, leanfaidh an GÉS ar aghaidh ag cur clár oibre riosca i bhfeidhm dírithe ar dhíobháil phearsanta agus ar dhamáiste réadmhaoine a ceapadh chun riosca dlíthíochta a mhaolú in údarais Stáit agus i bhfrontair cúram sláinte, d'fhonn costais dlíthíochta in aghaidh an Stáit amach anseo a laghdú. Is fócas sonrach de chuid an GÉS é bainistíocht ar mhnicíocht fhaillí cliniciúla trína clár um bhainistiú riosca cliniciúil.

Tá an GÉS freagrach freisin as déileáil leis na costais tríú páirtí a eascraíonn as Binsí Fiosrúcháin áirithe agus as billí costais dlí i gcoinne an Stáit. Bíonn an GÉS ag súil le sábháil 30% ar an meán a bhaint amach ar Bhillí Costas tríú páirtí a fhaightear.

⁴ Amhail an 31 Márta 2017

⁵ ESB, Ervia, Uisce Éireann, Bord na Móna, Coillte agus EirGrid



Coinneoimid agus Feabhsóimid ár gClú maidir le Luach a chur ar fáil don Stát

Tá clú eagraíochta ar an acmhainn is luachmhaire atá aici agus is féidir leas a bhaint as lena tairiscint luacha sa mhargadh a ardú. Déanann GBCN ionadaíocht ar son an Stáit i margaí airgeadais agus tá clú láidir i measc ár bpáirtithe leasmhara ríthábhachtach le go mbeimid in ann torthaí níos fearr a bhaint amach don Stát.

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Bímid ag plé le líon fairsing páirtithe leasmhara inár n-aonaid ghnó agus feidhmeanna corparáideacha ar fad, lena n-áirítear:

- An tAire Airgeadais, An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Airí agus Ranna Rialtais eile, Comhlachtaí Stáit, Comhlachtaí Stáit Tráchtála agus contrapháirtithe AE;
- Institiúidí iasachtú intíre, idirnáisiúnta agus AE, bainc cheannais agus bainc thrádála;
- Pobail infheisteoirí intíre agus idirnáisiúnta, e.g. infheisteoirí institiúide, cistí infheistíochta Stáit, cistí pinsin; agus
- Pobail agus earnálacha gnó intíre agus idirnáisiúnta e.g. fiontraithe, gnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus gnólachtaí.

Chun ár sainorduithe a chur i gcrích agus chun riachtanais ár bpríomhpháirtithe leasmhara a chomhlíonadh ní mór dúinn a bheith ag plé go gníomhach lenár bpríomhpháirtithe leasmhara ar fad. Ní mór dúinn tuiscint a fháil ar cén tacaíocht is féidir lenár bpáirtithe leasmhara, go háirithe infheisteoirí féideartha, a chur ar fáil agus an tacaíocht sin a threisiú le luach a chur ar fáil don Stát. Cuidíonn an próiseas teagmhála seo lenár bpáirtithe leasmhara tuiscint níos fearr a fháil ar ár gcúraimí agus ár bhfreagrachtaí – cad a dhéanaimid agus cad is féidir linn a dhéanamh.

Tá GBCN tiomanta a bheith ag plé lenár bpáirtithe leasmhara i bpróiseas comhoibríoch a fhéachann le bealaí níos fearr a fháil chun ár sainorduithe a chur i gcrích, chun ceisteanna móra Stáit agus comónta a aithint agus chun teacht ar réitigh i comhréir lenár sainorduithe. Le linn 2017 cuirfidh an GAFN tús le próiseis gníomhú struchtúrtha lena phríomhgeallsealbhóirí le rathúileacht cur ar fáil feidhmiúcháin seachadadh comhairleach airgeadais agus bonneagar poiblí a chinntiú. Cuirfidh an t-aonad FDM, an CISE agus an GAFN leis an gclár caidrimh infheisteoirí atá ann faoi láthair trí chaidreamh nua a thógáil, foinsí maoinithe breise a aithint agus comhinfeisteoirí a chuardach le torthaí airgeadais níos fearr a bhaint amach don Stát.

Coinneoidimid agus feabhsóimid ár gclú trí:

Iompraíocht Eiticiúil

Ní thógtar clú ag leibhéal na heagraíochta amháin. Mar fhostaithe aonair, tá páirt le himirt againn chun clú GBCN a choinneáil. Déanfaimid é seo ar bhealach praiticiúil. Déanfaimid cinnte caitheamh lenár bpáirtithe leasmhara agus ár gcontrapháirtithe ar bhealach próifisiúnta, freagrach, measúil agus oibiachtúil. Déanfaimid ár ngnó ar bhealach iontaofa, neamhchlaonta agus oiriúnach, agus beimid comhfhiosach faoinár gclú agus faoi chlú an Stáit.

Trédhearcacht & Cuntasacht


De réir an tiomantais leanúnaigh atá againn trédhearcacht agus cuntasacht GBCN a chur chun cinn, leanfaidh an GBCN uirthi lena dualgais a chur i bhfeidhm go hiomlán faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus an Cód Cleachtas maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

Feidhmíocht Leanúnach

Trí leanúint lenár sainorduithe a chur i gcrích, coinneoidimid agus feabhsóimid ár gclú lenár bpríomhpháirtithe leasmhara. Leagann ár spriocanna gnó aidhmeanna soiléire amach do gach aonad gnó nuair atá na sainorduithe sonracha á gcur i gcrích acu. Cuirfimid luach fadtéarmach ar fáil don Stát trí fheidhmíocht leanúnach, d'ardchaighdeán a chur ar fáil nuair a bheidh ár sainorduithe á gcur i gcrích againn.

Forbróimid ár gCumais mar Eagraíocht Inoiriúnaitheach

De bhrí go bhfuilimid inoiriúnaitheach is féidir le GBCN freagairt do dhúshlán agus do dheiseanna nua agus muid ag cur seirbhísí gairmiúla agus saineolais ar fáil dár bpríomhpháirtithe leasmhara.



Tá líon tionscnamh ar fud na heagraíochta aitheanta againn a ndéanfar tuilleadh forbartha orthu thar an chéad trí bliana eile lenár gcumas mar eagraíocht inoiriúnaitheach a fheabhsú. Leis an sprioc sin a chur i bhfeidhm, teastóidh tiomantas, tionscnaíocht agus dílseacht ón bhfoireann ar fad. Beidh an bhainistíocht shinsearach taobh istigh den GBCN mar chrann taca do na tionscnaimh.

Nuálaíocht

Déanfaidh an GBCN na tionscnaimh a chur i gcrích leis an nuálaíocht mhéadaithe a éascú ag na leibhéil ar fad taobh istigh den eagraíocht. Beimid réamhghníomhach trí dheiseanna a aithint agus a chur i gcrích chun torthaí níos fearr a sholáthar. Ina theannta sin, ní bheimid teoranta do sheirbhísí táirgí reatha. Agus iarracht ar siúl againn riachtanais ár bpríomhpháirtithe leasmhara a thuiscint, is féidir linn smaointe agus réitigh a fhorbairt a thugann aghaidh ar dhúshláin nua, i gcomhréir lenár sainorduithe. Déanfaimid é seo trínár n-eolas agus ár dtaithe chomhchoiteann a threisiú agus ár gcroí-ábaltachtaí sa saineolas airgeadais, i gcaidreamh infheisteoirí agus i réitigh TFC-bhunaithe a úsáid ar bhealaí nua.

Próisis Ghnó a Shruithlíniú agus a Shimplíú

Is éard a bheidh i gceist leis seo ná díriú ar riachtanais ár bpríomhpháirtithe leasmhara, ár gcuid daoine a chumasú, agus feabhas leanúnach a chur ar ár bpróisis reatha agus ár gcórais taobh istigh den GBCN. Leathnóidh an fócas seo thar na múnlaí traidisiúnta den fheabhas céimnithe go dtí múnla de fheabhas leanúnach.

Ábaltachtaí Córais Faisnéis Bhainistíochta agus Tairseach

Cuid thábhachtach de chumas GBCN freagairt d'éilimh a sainorduithe gnó a bhíonn ag athrú de shíor ab ea córais faisnéise bainistíochta (MI) agus tairseach nuálacha fhíor-ama a úsáid. De bharr fhorbairt na gcóras seo, tá seirbhís táirgí níos éifeachtaí ann dár bpáirtithe leasmhara, cinnteoireacht ghnó agus éifeachtúlachtaí costais níos fearr.

Tiocfaidh Córas Faisnéise nua Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin agus Fhiachais Náisiúnta, atá le cur i bhfeidhm in 2018, in áit líon córas leagáide, rud a fheabhsóidh éifeachtúlacht agus éifeachtacht i mBainistíocht an Fhiachais Náisiúnta. Tá sé i gceist againn níos mó deiseanna a lorg d'fhorbairt córas den sórt sin taobh istigh den GBCN, lena n-áirítear forbairt agus soláthar áiseanna Tairisí breise do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha ábhartha.

Mar eagraíocht eolasbhunaithe, scrúdaimid freisin na bealaí inar féidir le réitigh fhorbartha MI tacú níos fearr le hanailís ar thacair shonraí choimpléascacha ina bhfuil sonraí de chineálacha éagsúla, idir anailísíocht shonraí fhorbartha, léirshamhlú sonraí agus theicnící trádastórála le faisnéis bhainistíochta níos fearr a sholáthar.

Ina theannta sin, treiseoimid Néaiseirbhísí inmheánacha agus seachtracha i gcomhthéacs an Struchtúir Oiriúnaigh um Shláidáil. Díreoidh ar bhrathadóireacht agus ar fhreagairtí ar na cibearbhagairtí reatha atá ag teacht chun cinn, ag úsáid faisnéise bagartha ceannródaíche, seirbhísí sábháilte soghluaiste agus córais mar chosaint ar sceitheadh sonraí.

Tionscnaimh Eile

Leanfaidh bainistíocht shinsearach GBCN ag lorg bealaí nua chun an GCBN a fheabhsú agus a fhorbairt. Cuirfimid tuilleadh tionscnamh ar bun chun aghaidh a thabhairt ar shamhail fheidhmíochta agus fhaisnéise, cumarsáid inmheánach, maorlathas, bainistíocht feidhmíochta agus labhairt amach. Tuairisceofar na gníomhaíochtaí a dhéantar faoi na tionscnaimh seo don fhoireann ar bhonn rialta, agus tomhaisfear a n-éifeachtúlacht ar bhealach oscailte agus féinchríticiúil.

Cuirfimid ar Chumas ár nDaoine Lán a gCumais a bhaint amach – go hAonarach agus Le Chéile

Tá 'Daoine' mar dhúshraith dár straitéis, agus tá ciall níos doimhne leis sin ná fostaithe a earcú agus a choinneáil – baineann sé lenár ndaoine a chumasú le go mbainfidh siad lán a gcumais amach agus go gcuirfidh siad le spriocanna straitéiseacha GBCN. Beidh cultúr féincheannaireachta, comhoibríoch agus foghlama ríthábhachtach le tacú leis seo.



Féincheannaireacht

Cuirfimid líon clár um Fhorbairt Ceannaireachta ar bun le féincheannaireacht a chur chun cinn agus le cinntiú go léiríonn bainisteoirí sinsearacha go soiléir na hiompraíochtaí a theastaíonn le muinín, oscailteacht, freagracht agus cumhachtú a chothú sna foirne. Ligfidh sé seo dúinn foirne ardfeidhmíochta a chruthú ar féidir leo sainorduithe éagsúla GBCN a sholáthar.

Comhoibriú

Tá sé d'ádh ar GBCN go bhfuil réimse leathan agus éagsúil de thacar saincileanna, de shaineolas agus de thaitní i measc na bhfostaithe. Féadfaidh comhoibriú trí obair foirne éifeachtach cur leis an taitní seo agus torthaí a bhaint amach atá i bhfad níos fearr ná na torthaí a bhainfeadh duine aonair amach. Cuardóimid deiseanna foirne chun trasaonáin a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comónta taobh istigh den eagraíocht agus mar chuid dár n-iarracht nuálaíocht a mhéadú agus sineirgí a bhunú idir aonáin ghnó.

Foghlaim

Rud uailmhianach é an sprioc a bheith mar eagraíocht foghlama a bhaint amach agus beidh ar gach duine san eagraíocht leanúint orthu ag forbairt. I bhfianaise choimpléascacht agus leibhéal an athraithe atá tagtha ar GBCN, beidh sé ríthábhachtach go leanfaidh daoine orthu ag foghlaim agus ag athrú. An sprioc ná timpeallacht foghlama a chruthú a thacaíonn le gach fostóir lán a gcumais a bhaint amach.

Beidh cainéil chumarsáide inmheánacha mar thaca leis an gcultúr féincheannaireachta, comhoibríoch agus foghlama. Díreoidh na cainéil seo ar theachtairacht GBCN a chur in iúl dá ndaoine, ligean do dhaoine a dtuairimí agus a mbarúlacha a léiriú agus ligean do dhaoine plé a dhéanamh le chéile thar aonáin ghnó.

I measc na bpríomhthionscnamh tá:

- Athbhreithniú ar conas a mheallaimid, a choinnímid agus a chúitimid tacair saincileanna sa GBCN;
- Leanúint orainn ag forbairt agus ag soláthar líon fairsing clár Foghlama agus Forbartha thar achar ama na straitéise seo;
- Córas nua Bainistíochta Acmhainní Daonna a chur ar bun a thabharfaidh rochtain do líon nua modúl sothuigthe e.g. bainistíocht earcaíochta, bainistíocht foghlama, bainistíocht feidhmíochta, bainistíocht tallann agus pleanáil rathúil; agus
- Feabhsú leanúnach ar bhainistíocht feidhmíochta agus feabhsú scileanna na mbainisteoirí maidir le comhráite feidhmíochta.

3

Riosca a Bhainistiú

Agus na sainorduithe á gcomhlíonadh againn don Stát, tá an GBCN oscailte do dhúshláin agus bhagairtí ó fhoinsí intíre agus idirnáisiúnta araon.

Tá an geilleagar intíre ag feidhmiú go maith faoi láthair agus tugann príomhtháscairí biseach leanúnach le fios. Tá líon bagairtí agus éiginnteachtaí móra ar an stáitse idirnáisiúnta, go háirithe i limistéar an Euro. D'fhéadfadh meathlúchán ar bith sa timpeallacht intíre nó idirnáisiúnta tionchar diúltach a imirt ar ghaiscí ár straitéise agus ar ár spriocanna gnó.

Bíodh is nach bhfuil smacht díreach ag GBCN ar bhagairtí agus dúshláin áirithe atá ag teacht chun cinn, beidh aithne agus measúnú ar na bagairtí sin mar bhonn eolais lenár bpleanáil agus ár gcinnteoireacht ghnó. Dá bhrí sin, ní mór dúinn a bheith san airdeall le cinntiú go n-aithnímid agus go ndéanaimid monatóireacht ar na bagairtí seo.

Creat Bainistíochta Riosca

Cinntíonn an GBCN go ndéanann sé a phróifíl riosca a bhainistiú i gcomhréir leis an bhfionn riosca, go n-aithnítear ábhair priacail agus go mbíonn socruithe iomchuí éifeachtacha bainistíochta riosca i bhfeidhm, mar aon le ról agus freagrachtaí atá sainmhínithe agus léirithe go soiléir. Leagtar íoschaighdeáin agus sainmhínithe don bhainistíocht riosca amach sa Chreat agus sa Bheartas Bainistíochta Riosca.

Measúnú Riosca Straitéiseach

Tá cumas measúnaithe riosca forbartha againn maidir leis na rioscaí sin a d'fhéadfadh bac a chur ar GBCN a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Is measúnú cuimsitheach é an Measúnú Riosca Straitéiseach de na príomhbhagairtí atá roimh an GBCN i ngach réimse dá shainorduithe. Déantar faireachán orthu seo, déantar iad a nuashonrú agus a thuairisciú leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus Bord GBCN. Cuirtear próiseas measúnú riosca ón mbun aníos leis seo le

leibhéal riosca na n-aonán gnó a aithint. Faoi láthair aithníonn an Measúnú Riosca Straitéiseach rioscaí móra sna rannáin seo a leanas- Riosca Geilleagrach, Geopholaíúil agus Margaidh, Riosca Infheistíochta, Riosca Páirtithe Leasmhara, Riosca Iompraíochta, Riosca Oibriúcháin Riosca Tríú Páirtí, Riosca Malairte, agus Riosca Pobal agus Cultúr.

Leanfaimid orainn leis an Measúnú Riosca Straitéiseach a fhí isteach inár bpróisis phleanála chorparáideacha agus ghnó le cinntiú go n-aithnítear na rioscaí criticiúla, ar fud an fhiontair, a bhfuil tionchar acu ar ár gcumas ár spriocanna straitéiseacha agus gnó a chur i gcrích, agus go ndéantar na rioscaí sin a mheas agus na cinntí iomchuí a chur i bhfeidhm.

Creat Foinn Riosca

Is é seo an cur chuige ginearálta trína ndéantar fonn riosca GBCN a bhunú, a chur in iúl agus faireachán a dhéanamh air. Áiríonn sé ráitis maidir le fonn riosca, príomhtháscairí riosca agus leagann sé amach na ról agus na freagrachtaí atá acu siúd a dhéanann maoirseacht ar fhaireachán an Chreata.

Ciallaíonn dea-bhainistíocht riosca roghanna soiléire agus feasacha a dhéanamh maidir leis na rioscaí atá an GBCN ag iarraidh a thógáil ar son a gcuspóirí agus a shainorduithe, ag cur san áireamh na costais agus na bearta a theastaíonn leis na rioscaí seo a bhainistiú agus a laghdú. Ligeann sé don eagraíocht cinntí gnó feasacha a dhéanamh le cinntiú go bhfuil an trádmalartú idir riosca agus sochar airgid socruithe go hiomchuí, agus aird á coinneáil ar phríomhrioscaí a d'fhéadfadh sí a bheith oscailte dóibh de bharr cinntí dá leithéid.

Seasmhacht a Chothú

Agus a fhios againn nach féidir rioscaí taobh amuigh dár smacht a dhíchur, cuid thábhachtach den straitéis seo ná cinntiú go bhfuil an tseasmhacht agus na hábaltachtaí eagraíochtúla ag an GBCN athrú agus freagairt go héifeachtach do rioscaí agus dúshláin de réir mar a thagann siad chun cinn.

4

An Próiseas Pleanála Bliantúil

Le tacú le gaiscí ár sainorduithe agus ár spriocanna gnó, tá spriocanna agus tomhais fheidhmíochta rollacha trí bliana ceaptha ag gach aonán gnó agus feidhm chorparáideach.

I gcomhthéacs na dtimpeallachtaí feidhmiúcháin ina mbímid ag feidhmiú a bhíonn ag athrú de shíor, tá sé tábhachtach cinntiú go gcloíonn na spriocanna feidhmeanna chorparáideacha agus gnó lena dtimpeallachtaí seachtracha.

Cuirtear na Príomhghnéithe seo a leanas san áireamh inár bPróiseas Pleanála Bliantúil:

Nuashonrú Straitéise

Gach bliain, mar chuid dár bpróiseas pleanála agus roimh chur i gcrích bhuiséad bliantúil GBCN, déanfaimid ár straitéis a nuashonrú. Déanfaidh an nuashonrú seo ár gcur chun cinn a thomhas le hais ár spriocanna straitéiseacha, aon athruithe seachtracha a aithint óna dteastaíonn athailíniú ar ár spriocanna agus tionscnaimh nua a cheapadh le cur chun cinn a chothú.

Spriocanna bliantúla

Mar chuid den straitéis chun gach aonán gnó agus feidhm chorparáideach a nuashonrú, déanfaimid spriocanna bliantúla don bhliain atá le teacht a cheapadh. Tuairisceoidimid do Bhord GBCN maidir leis na spriocanna a baineadh amach sa bhliain atá caite, aithneoidimid acmhainní atá ag teastáil agus déanfaimid comhordú idir aonán ghnó agus feidhmeanna chorparáideacha le cinntiú go bhfuil cur chuige comhtháite ag ár bpleanáil ghnó.

Príomhfhreagracht de chuid Bhord GBCN is ea a chinntiú go gcuirtear treoir agus treo soiléir straitéiseach ar fáil don GBCN lena cuspóir a bhaint amach. Tuairisceofar athruithe molta don straitéis

chorparáideach do Bhord GBCN le hathbhreithniú agus ailíniú leanúnach a chinntiú le treoir straitéiseach an Bhoird don GBCN.

Feidhmeanna Chorparáideacha

Teastóidh eagraíocht atá ailínithe go himmheánach le spriocanna gnó GBCN a sholáthar. Tá sprioc i bhfeidhm ag feidhmeanna chorparáideacha GBCN a dhíríonn ar thacú le héachtaí ár sainorduithe gnó agus riachtanais na bpríomhpháirtithe leasmhara a chomhlíonadh. Beidh an cur chuige comhpháirtíochta leanúnach idir aonán ghnó agus feidhmeanna chorparáideacha ina chuid tábhachtach den sprioc seo.

Straitéisí Tacaíochta

Tá Daoine agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide ina ndá phríomhghné maidir le cur i gcrích ár sainorduithe. I bhfianaise an tábhacht atá leo, foirmlíodh straitéisí tacaíochta éagsúla:

An Straitéis AD 2017-2019 agus

An Straitéis TFC 2017-2019

Forbraíodh na straitéisí seo i ndiaidh dul i gcomhchomhairle leis na haonán ghnó agus feidhmeanna chorparáideacha eile lenár riachtanais thar an chéad trí bliana eile a aithint. Cinntíonn sé seo go bhfuil na feidhmeanna tacaíochta criticiúla ailínithe go dlúth le riachtanais ár sainorduithe.

Ina theannta sin, tá príomhthionscnaimh ar fud na heagraíochta aitheanta ag an dá straitéis le tacú lenár spriocanna straitéiseacha ár ndaoine a chumasú agus eagraíocht oiriúnaitheach a bhaint amach. Éascóidh sainaitheant ar na príomhthionscnaimh bunaithe ar AD agus TFC pleanáil luath agus tosaíocht d'acmhainní ag leibhéal chorparáideach le seachadadh tráthúil ar bhealach cost-éifeachtúil. Déanfar na straitéisí tacaíochta seo a athbhreithniú freisin mar chuid dár bPróiseas Pleanála Bliantúil.

Spriocanna Gnó agus Bearta Feidhmíochta GBCN 2017 - 2019






Aonad Riosca GBCN	Spriocanna Gnó lenár sainorduithe a bhaint amach	Bearta Feidhmíochta lena n-áirítear
Maoiniú agus Bainistiú Fiach	<p>Fiachas fadtéarmach agus gearrthéarmach a eisiúint go rialta le leachtacht don Stát a chinntiú agus ag ráta a chuireann le hinbhuanaitheacht fiachais.</p> <p>Tairiscintí Fiachais Mhiondíola a fhorbairt mar chuid de phunann éagsúlaithe.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ■ Iomlán raon sprice mhaoinithe an fhiachais FT bainte amach. ■ Le haghaidh 2017: Iomlán eisiúint bannaí FT idir €9 - €13 billiún agus ceantanna ráithiúla bannaí státchiste idir €0.5 - €1 billiún. ■ Raon saoil meánach spriocdhírthe ar eisiúint fiachais FT le haghaidh gach bliain bainte amach. ■ Ceann nó dhó de thairgí maoinithe a thabhairt isteach, ag brath ar straitéis maoinithe iomlán agus coinníollacha margaidh. ■ Sprioc iomlán gabháltas den fhiachas foriomlán bainte amach. ■ Cruth nua-aimseartha a chur ar thairiscintí Coigiltis Stáit leis an mbonn custaiméirí a leathnú amach.
Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn	<p>Sainordú Infheistíochta a Sheachadadh: Fáiltas Tráchtála agus Tionchar Eacnamaíoch.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ■ €750 milliún - de cheangaltais infheistíochta nua in Éirinn in 2017. ■ Imscaradh: Seachadadh i gcomhréir leis an sainordú. ■ Éagsúlú: Thar aicmí sócmhainne, cúiseanna le tionchar eacnamaíoch, earnálacha & achar agus líon na n-infheistíochtaí. ■ Toradh: Is gá gach infheistíocht aonair a bheith "ar bhonn tráchtála", spriocbhrabús rollach cúig bliana punainne le bheith ag 4%. ■ Tionchar Eacnamaíoch: Fócas ar ardearnálacha eacnamaíochta, ról gearrthéarmach/luathaithe in earnálacha ísealtionchair. Méadrachtaí a aithint ar bhonn ex-ante le faireachán a dhéanamh ar bhonn ex-post. ■ Tionchar Infheistíochta a lolrú: Comhinfeisteoírí, agus athchúrsáil agus athúsáid.
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	<p>Seirbhísí comhairleacha airgeadais a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí Rialtais le go seachadtar na tionscnaimh clár caipitil ar an mbealach is fearr le luach ar airgead a fháil (LAA).</p> <p>Tacaíocht agus bainistíocht réamhghníomhach a thabhairt:</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ do mhargadh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí na hÉireann agus feithiclí lasmuigh den chlár comhardaithe a thacaíonn le beartas agus cuspóirí an Rialtais maidir le bonneagar poiblí, agus ■ maoiniú Státchiste is fearr agus seachadadh tionscadail ar-clár comhardaithe. 	<ul style="list-style-type: none"> ■ Tagarmharcanna tiomsaithe de chuid na hEarnála Poiblí agus measúnuithe LAA eisithe. ■ Dátaí garsprice atá bainte amach i seachadadh tuairimí agus comhairle. <p>Rátaí rannpháirtíochta fóna trí:</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ Eagraíochtaí urraitheora cothromais i gcomórtais PPP; ■ Cuideachtaí tógála ■ Réitigh iomaíochta airgeadais ar fáil do thionscnaimh CPP agus eile chun tacú le torthaí LAA.

Aonad Riosca GBCN	Spriocanna Gnó lenár sainorduithe a bhaint amach	Bearta Feidhmíochta lena n-áirítear
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	<p>Tionscadail caipitiúla mhóra CPP agus neamh-CPP a sheachadadh agus bainistíocht conartha agus seirbhísí tacaíochta comhairleach a chur ar fáil do ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí in ann agus go seachadaítear gach tionscadal tar churtha faoi bhráid an GAFN i modh optamach le LAA a bhaint amach.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ■ Bunspríoc tionscadal agus oibríochtúlar aon dul le paraiméadair cliant agus rialála. ■ Gan rath ar aon agóid dhlíthiúil.
RÉnua	<p>Maoiniú Airgeadais agus Comhairle Rialachais a chur ar fáil do na hAíreí iomchuí:</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ maidir le feidhmíocht airgeadais cuideachtaí tráchtála Stáit ainmnithe (CTSanna) agus cuideachtaí eile de réir mar a iarradh, i gcomhthéacs cuspóirí airgeadais aontaithe a bhfuil spriocanna scairshealbhóirí curtha san áireamh; ■ tacú le beartas cinnteoireachta an Rialtais maidir le hinfheistíocht in earnálacha RÉnua; agus ■ maidir le diúscairt nó athchóiriú sócmhainní Stáit, le cuidiú leis an Stát a spriocanna airgeadais lena bpunann infheistíochtaí a bhaint amach. 	<ul style="list-style-type: none"> ■ Tuarascáil Bhliantúil Phunainne le bheith comhlíonta le tuairisciú agus monatóireacht ar fheidhmíocht airgeadais comhlachtaí CTS a éascú ag teacht le Frámaíocht Ionchais Scairshealbhóirí. ■ Go gcuirtear ar fáil tograí tráchtála an CTS uile a bhfuil comhthoil ón Aire ag teastáil uathu, nó cead athbhreithnithe agus comhairle RÉnua, do na hAíreí iomchuí taobh istigh de na hachair ama a socraíodh. ■ Athbhreithnithe iarthionscadail do thionscnaimh chaipitil CTS thábhachtacha. ■ Tograí forbartha le hinfheistíocht a chinntiú i bpríomhearnálacha RÉnua chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht.
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	<p>Éilimh tharmligthe agus an dlíthíocht a bhaineann leo a bhainistiú ag caighdeán dea-chleachtais chun a chinntiú go gcoinnítear dliteanas an Stáit i ndáil le héilimh dá leithéid agus na costais dlí ceangailte ag an leibhéal is ísle agus is féidir.</p> <p>Comhairle agus cúnamh a thabhairt d'Údarás Stáit, lena n-áirítear ospidéal agus forais shláinte, le bainistiú rioscaí dlíthíochta a bhaineann le haicmí uile na n-éileamh ag caighdeán dea-chleachtais le dliteanas an Stáit agus minicíocht na n-éileamh a laghdú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ■ Dífriocht i gcoinne buiséid sheachtrach ceaptha ar bhonn achtúireach. Tá an fíorchostas le bheith níos ísle ná an costas réamh-mheasta. ■ Ní ceart go mbeadh coigilteas ar chostais dlí gearánaithe thar na bpunanna uile níos lú ná 25%. ■ Ba cheart go mbeadh an cóimheas idir éilimh shocraithe agus ghníomhacha ar cóimhéid nó thar 20%. ■ Níor cheart go mbeadh coigilteas ar Chostais na nAonad Dí thar na costais dlí uile níos lú ná 30%. ■ Laghdú ar líon agus costas na n-éileamh, in earnálacha a bhaineann le riosca tionscnaimh bainistíochta ar leith, thar thréimhse trí bliana (gan éilimh maidir le himeachtaí díobhála a tharla roimh an tréimhse sin a chur san áireamh). ■ Maisghníomhaíochtaí/ Gníomhaíochtaí aicme, más féidir, a thuar agus a choinneáil faoi smacht.




5

Cén Chuma atá ar an Rath

Ag eascairt as na cineálacha sainorduithe atá curtha de chúram ar GBCN, dírimid ar luach fadtéarmach a chur ar fáil don Stát. Tá plan rollach trí bliana againn, atá mar chuid dár bpróiseas planála bliantúil, leis an bhfócas fadtéarmach seo a éascú. Coinneoidimid orainn ag déanamh faireacháin leanúnaigh ar ár ndul chun cinn a bhfuil ár rath léirithe ag líon torthaí inmhianaithe:

- **Maoinithe ag an Stát ar bhonn inbhuanaithe;** 
- **Fáltas tráchtála 4% bainte amach ar infheistíochtaí, gníomhaíocht eacnamaíoch agus méadú ar fhostaíocht in earnálacha ar a bhfuiltear ag díriú;** 
- **Príomhbhonneagar poiblí seachadta faoin bPlean Caipitil;** 
- **Uasmhéadú ar luach scairshealbhóirí aireachta i gComhlachtaí Thráchtála Stáit a bhaineann le hábhar; agus** 
- **Dlíteanas an Stáit agus costais dlí ag an leibhéal is ísle agus is féidir agus minicíocht na ndlíteanas sa todhchaí a laghdú maidir le díobháil phearsanta agus damáiste do réadmhaoin.** 

Ina theannta sin, déanfaimid cinnte:

- **Ár gclú maidir le torthaí níos fearr a bhaint amach don Stát a threisiú;** 
- **Athchóiriú a dhéanamh chun tabhairt faoi aon dúshlán nua; agus** 
- **Sáreagraíocht atá iontach le bheith ag obair di ina bhfuil daoine spreagúla agus gníomhacha a dhéanamh dinn féin.** 

2016 – Súil Siar ar an mBliain



Soláthraíonn muid Luach Fadtéarmach don Stát tríd an méid seo a leanas...

An Stát a chistiú ag ráta inbhuanaithe

- **€8.25bn** de mhaoiniú fadtéarmach bannaí ag meántoradh ualaithe de 0.82% (i gcomparáid le 6% ar filleadh ar na margáí in 2012) agus meánaibíocht ualaithe de 10 mbliana.
- **100 bliain** Ba rud suntasach nua é banna 100 bliain na hÉireann do €100 milliún.
- **€2bn** de mhalartuithe bannaí.
- **€20.1bn** Suim iomlán na gCoigilteas Stáit.

Gineadh coigiltis shuntasacha don Stáit mar gheall ar chostais iasachtaíochta níos ísle. Tá an bille bliantúil úis ar fhiachas an Rialtais tite faoi bhonn €6.7bn agus tá muid ag dréim leis go dtitfidh sé faoi €6bn sna blianta atá le teacht.

Infheistiú a dhéanamh le haghaidh toradh tráchtála agus tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus le fostaíocht ag an am céanna

- **€522m** geallta ag CISÉ in Éirinn le linn na bliana.
- **21,900 post** faoi thacaíocht ag CISÉ go dtí seo.
- **3.8 oiread** comhinfeistiúchá in 2016 – go mór chun tosaigh ar an sprioc de 2.0 oiread.
- **€6.6bn** Straitéis Aistrithe Punainne Domhanda curtha i bhfeidhm leis an gcuspóir straitéis a chruthú do phunann dhomhanda CISÉ, a thabharfaidh an dóchúlacht is mó dó maidir lena spriochthoradh a bhaint amach.

Tacú le hinfreastruchtúr tábhachtach poiblí a sholáthar

- **25,000** Gach scoil faoi Bheart Scoileanna 4 soláthartha go tráthúil, rud a d'fhág líon na n-áiteanna do mhic léinn a cuireadh ar fáil trí Chlár na mBeart Scoileanna CPP ó bhí 2010 ann ag beagnach 25,000.
- **€23m** Gineadh €23m de choigiltis don Stát mar gheall ar athmhaoiniú CPP an N17/N18.

- **€430m** Cistiú fadtéarmach atá iomaíoch ó thaobh praghais de do thionscadail neamh-CPP socraithe leis an BEI.
- **CPP do Chúram Príomhúil** An chéad thionscadal CPP do chúram sláinte in Éirinn agus an chéad thionscadal Eorpach do Chúram Sláinte faoi Phlean Juncker (An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistiúcháí Straitéiseacha).

Comhairle airgeadais agus tráchtála a chur ar fáil don Rialtas

- **€7bn** Cuireadh comhairle airgeadais agus tráchtála ar fáil maidir le gníomhaíochtaí iarrtha ag aonáin mhóra tráchtála leathstáit le luach measta de thuairim is €7bn faoi shainchúram New ERA – Bord na Móna, Coillte, EirGrid, Eirvia, BSL agus Uisce Éireann (Aonáin sa Phunann).
- **€0.43bn** de dhíbhinní ginte don Státchiste ag na haonáin sin le linn na tréimhse 2015 / 2016.
- **Fás suntasach** ar líon na sannachán breise d'Airí sna hearnálacha iompair, talmhaíochta, sláinte agus gníomhaithe ar son na haeráide (lena n-áirítear Údarás Eitlíochta na hÉireann, Údarás Aerfort Bhaile Átha Claith Teo., CIÉ, Port Bhaile Átha Cliath, Port Chorcaí, Teagasc agus Vhi).

Dlíteanas an Stáit i dtaca le díobháil phearsanta agus dochar do réadmhaoin, idir dhlíteanas reatha agus dhlíteanas sa todhchaí, a bhainistiú

- **€2.2bn** an dliteanas measta atá le híoc as beagnach 9,000 éileamh gníomhach atá á mbainistiú amhail ag deireadh 2016.
- **8.8%** de chogilteas in aghaidh an measúnú neamhspleách achtúireach de €275.7m don chostas a bhain le héilimh gníomhacha leanúnacha a réiteach agus a bhainistiú in 2016.
- **45%** de laghdú ar na billí €49m de chostais a fuarthas ó thríú páirtithe, coigilteas de €22m.



Trínár gcáil a chothabháil agus a fheabhsú is féidir leis an GBCN torthaí níos fearr a bhaint amach don Stát tríd an méid seo a leanas...

Teagmháil le Páirtithe Leasmhara

- Tá teagmháil shuntasach ag aonaid ghnó agus feidhmeanna corparáideacha uile GBCN le **hAíre agus Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit, contrapháirtithe AE agus príomhpháirtithe leasmhara eile**.
- Rinne Behaviour & Attitudes, an phríomhghníomhaireacht taighde margaí in Éirinn, suirbhé ar Ranna agus Gníomhaireachtaí atá mar chliant ag GÉS, lenar léiríodh go bhfuair an **GÉS an rátáil sásaimh custaiméirí is airde do chomhlacht poiblí** a bhí taifeadta riamh ag B&A.
- D'fhoilsigh NewERA a chéad **Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht** na n-aonán sa Phunann faoina shainchúram.
- Rinne an tAire Stáit do Sheirbhísí Airgeadais, Eoghan Murphy TD, **Tuairisc an Ghrúpa Oibre um Chostas Árachais**, lena raibh an GÉS bainteach, a fhoilsíú i mí Eanáir 2017.
- Cuireadh an **Tuairisc ar Riosca Fiontair** i dtaca le hionsaithe ar oifigigh príosúin faoi bhráid an Tánaiste i mí na Samhna.
- Foilsíodh an chéad eagrán de **ríomhíris an GÉS** chuig 139 n-údarás Stáit.
- Comhaltacht an GNFA agus CISE ar **Chomhchoiste an BEI um Infreastuchtúr Cistiúcháin** faoi chathaoirleacht an Aire Airgeadais.

Caidrimh le hInfheisteoirí

- **Níos mó ná 100 cruinniú le hinfheisteoirí** - Cuirteanna tugtha ag FDM mar chuid den Chlár Struchtúrtha maidir le Caidrimh le hInfheisteoirí ar phríomhionaid san Eoraip, sna Stáit Aontaithe, sa Mheánoirthear agus san Áise.
- **Rinneadh mórócáid teagmhála leis an margadh** a óstáil ag CISE san Ionad Comhdhála Náisiúnta, tacaithe le líon áirithe imeachtaí réigiúnacha níos lú le linn na bliana.

- **Cainteanna poiblí** ag an GNFA ag imeachtaí sa bhaile agus go hidirnáisiúnta lenar éascaíodh cur chun cinn margadh CPP na hÉireann agus tacaíocht dó.
- Níos mó ná 1,500 trácht **Margaidh agus Fioscaigh** tugtha ag Aonad Eacnamaíochta GBCN sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.

Na Meáin agus Caidreamh Poiblí

- **Teagmháil Réamhghníomhach leis na meáin** i dtaca le hobair an GBCN a chur in iúl thar ceann cáiníocóirí.
- Cothaíodh **láithreacht rialta sna meáin shóisialta**, rud a mhéadaigh ár dteagmháil leis na meáin, le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal.
- Cuireadh Aonad Dlíthiúil GBCN san áireamh le **GC Powerlist: Ireland Teams compiled by Legal 500 2016**, lena n-aithnítear na foirne dlíthiúla intí is mó a bhfuil tionchar acu agus is nuálaí in Éirinn.
- Bhunaigh an GBCN **Líonra Feabhais Leanúnaigh** lena gcuirtear deis ar fáil d'eagraíochtaí seirbhíse eile san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach eispéiris agus ceachtanna a roinnt.
- Thionóil an GÉS an Chomhdháil **Quality Clinical Risk & Safety** i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair.



Mar gheall go bhfuil an GBCN oiriúnaitheach, tá muid in ann freagrú do dhúshláin agus deiseanna nua, agus seirbhísí gairmiúla leanúnacha agus saimeolas a chur ar fáil dár bpríomhpháirtithe leasmhara ag an am céanna.

Nuálaíocht

Trí iarracht a dhéanamh tuiscint a fháil ar riachtanais ár bpríomhpháirtithe leasmhara, forbraíonn muid réitigh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua atá ag teacht lenár sainchúraim.

- **Táirgí Fiachais Mhiondíola** Seoladh díolachán ar líne de tháirgí Téarma Seasta go rathúil agus táthar ag dréim leis go gcuirfidh sé le leathnú an bhoinn custaiméirí.
- **Réitigh Nuálacha TCF** Rinneadh ár n-acmhainneacht teicneolaíochta soghluaiste / cianrochtana a fheabhsú, Straitéis Glactha 'Néil' a fhorbairt agus réitigh chomhoibríochá sreafa oibre a fhorbairt maidir le bainistíocht ar chaidreamh le custaiméirí le haghaidh Soláthar, Conarthaí agus Comhlíonadh.
- **Táirge MilkFlex** forbartha ag CISÉ agus Glanbia curtha ar sárthaispeáint ag an gCoimisiún Eorpach mar shampla de nuálaíocht ó thaobh agra-airgeadais de.

An Próiseas Gnó a Shruhlíniú agus a Shimpliú

- **65% den fhoireann** páirteach i ngníomhaíochtaí feabhais leanúnaigh, dírithe ar eagraíocht níos sruthlínithe agus níos éifeachtaí a dhéanamh ar GBCN, agus **154 lá d'oilíúint feabhais leanúnaigh** curtha i gcrích.
- **Thug Enterprise Ireland, Toyota, Rabobank agus Vodafone** cuairt ar GBCN le foghlaim faoinár gclár feabhais leanúnaigh. Thug muidne cuairt freisin ar **Bhanc na hÉireann, TopFlight agus Abbott** le tuiscint a fháil ar a gcláir.

Córais Faisnéise Bainistíochta & Tairsí

- **Córas Tuairiscithe FB an Fhiachais Náisiúnta agus an Státchiste.**
- **GÉS – Tuairisciú ar Léirshamhlú Sonraí agus Anailísíocht an Chórais Bhainistithe Náisiúnta Teagmhas** don FSS, Óglaigh na hÉireann, an Garda Síochána, Seirbhís Príosún na hÉireann, Tusla agus níos mó ná 100 údarás stáit eile.
- **Fiachas Miondíola – tairseach Bailíochtóra Aitheantais na Seirbhíse Poiblí.**

Mar thoradh ar fhorbairt na gcóras seo, tá soláthar seirbhíse níos éifeachtaí dár bpáirtithe leasmhara againn chomh maith le cinnteoireacht ghnó atá feabhsaithe agus éifeachtúlacht costais.





Lenár gcultúr Féincheannaireachta, Comhoibrithe agus Foghlama, cuirtear ar chumas ár ndaoine barr a gcumas a bhaint amach agus cur le baint amach ár spriocanna.

Láthair Oibre Ilchineálach & Cuimsitheach

- Seoladh an Tionscnamh um Chothromaíocht Insce le bunú **Líonra Mhná an GBCN**.
- Bunaíodh **Foireann Feasachta ar Mhíchumas** GBCN chun tacú le timpeallacht a thacaíonn le daoine atá faoi mhíchumas.
- Bhunaigh GBCN grúpa oibre chun breathnú ar an mbealach is fearr le timpeallacht thacaíoch oibre a chur chun cinn do dhaoine **leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha** agus/nó idirghnéasacha in GBCN.

Infheistíocht Leanúnach inár nDaoine

- Tá fáilte roimh an **104 duine nua a tháinig chugainn** in 2016.
- Rinneadh **2.5 lá foghlama agus forbartha in aghaidh an fhostaí** a reáchtáil ar an meán agus d'fhreastail beagnach 75% den eagraíocht ar imeacht foghlama agus forbartha de chineál éigin le linn na bliana.
- Cuireadh síniú na gconarthaí **d'áitreabh nua GBCN** i gcrích agus cuirfear tús leis an obair in 2017.
- Thosaigh an chéad **chlár iomlán do chéimithe** de chuid GBCN in CISÉ, NewERA, GNFA, GÉS agus sna haonaid Riosca, Comhlíonta agus Airgeadais. Tá sé i gceist go mbeadh an clár is fearr sa tionscal do chéimithe á reáchtáil ag an GBCN faoi 2019.
- Éascaíodh raon seirbhísí agus imeachtaí d'fhostaithe le clár sláinte agus folláine GBCN, **'BALANCE'**, lena áiríodh scagthástálacha agus scrúduithe sláinte, cainteanna ag am lóin, cainteanna ar chúrsaí sláinte, cúrsaí folláine agus raidhse tionscnamh eile.
- Tá an **Coiste Spóirt & Sóisialta** gnóthach ag eagrú **ar a laghad 27 rang nó seisiún gníomhaíochta in aghaidh na seachtaine ar an meán!**

- Thug an fhoireann suas níos mó ná **230 Lá Oibre Deonaí agus bhailigh siad €7,000** trí thionscnaimh tiomsaithe airgid éagsúla.
- Ghlac **Cór GBCN** páirt i léiriúchán RTÉ, 'Centenary', in Amharclann Bord Gáis Energy, a craoladh beo i mí an Mhárta.




Ár gCuspóir

Sócmhainní Poiblí agus Dliteanais Phoiblí
a Bhainistiú go Stuama ar Bhonn Tráchtála

Ár Spriocanna

Luach Fadtéarmach

Cuirfimid luach
fadtéarmach ar
fáil don Stát




Clú

Coinneoimid
agus feabhsóimid
ár gclú maidir le
luach a chur ar
fáil don Stát



Inoiriúnaitheach

Forbróimid ár
gcumais mar
eagraíocht in
oiriúnaitheach



Daoine

Cuirfimid ar
chumas ár ndaoine
lán a gcumais a
bhaint amach – go
haonarach agus le
chéile



Ár gCultúr




Féincheannaireacht




Comhoibriú



Foghlaim





Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Foirgneamh an Státhiste
Sráid na Canálach Móire
Baile Átha Cliath 2
DO2XN96
Éire

T +353 1238 4000

R info@ntma.ie

G www.ntma.ie



Lean muid ar Twitter @NTMA_IE